



Téama: Seabhaic agus Coilm

Chun téama na coinbhleachta a iniúchadh tá trí roinn oibre ar leith cruthaithe againn. I ngach roinn déantar iniúchadh ar ghné ar leith den téama, rud a thugann cineálacha difriúla léargais agus dúshláin dúinn.

Roinn 1 Conas a éiríonn coinbhleachtaí?

Roinn 2 Costas na gcoinbhleachtaí don duine

Roinn 3 Cad atá ag teastáil chun síocháin a chothú?

I ngach roinn tá:

- Nótaí treorach don mhúinteoir (2-4 leathanach)
- Gníomhaíochtaí
- Acmhainní tacaíochta físiúla agus téacsúla
- Acmhainní ar líne a mholtar

Rinneadh gach roinn a amú le gur féidir é a thabhairt laistigh de thréimhse thart ar 60 nóiméad, ach is faoin múinteoir féin é cé acu gníomhaíochtaí ranga agus grúpa a dhéantar. I measc na ngníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh, tá plé faoi stiúir an mhúinteora, obair ghrúpa, foghlaim fhéintreoraithe agus úsáid ábhar foinse príomha agus tánaisteach.

Forbhreathnú ar an Téama

D'fhás Eoraip an lae inniu as stair inar tharla cogáí, forghabháil, agus scrios, ach ina raibh an dlúthpháirtíocht, an idirbheartaíocht agus an t-athmhuintearas chun cinn freisin. Cé gur i dtimpeallacht shíochánta a mhaireann formhór na nEorpach inniu agus go samhlaíonn siad cogáí le háiteanna eile ar domhan nó leis an stair chianda, is ábhar inní dúinn fós iad dinimic na coinbhleachta agus an chomhoibrithe a mhúnlaigh an Mhór-Roinn ina bhfuilimid. Dar ndóigh braitheann an dinimic seo cuid mhaith ar na roghanna atá ann do dhaoine aonair agus do ghrúpaí daoine, ar na cinntí a dhéanann siad agus ar iarmhairtí na gcinntí sin.

Déanfar iniúchadh faoin téama seo ar an ról atá ag an duine aonair agus ag grúpaí daoine maidir le coinbhleachtaí a spreagadh, a ghéarú, a sheachaint nó síth a ghéilleadh. Tabharfaidh sé seo deis chun buncheisteanna moráltachta a scrúdú in éineacht leis na daltaí. Trí imeachtaí stairiúla a chur i gcomparáid lena chéile agus iad a cheangal le gníomhartha pearsanta, spreagfaidh na gníomhaíochtaí agus na ceisteanna a mholtar anseo fiosracht faoin stair agus faoin tsaoránacht ghníomhach i measc na ndaltaí.



Sainmhíithe

D'fhéadfadh na daltaí na sainmhíithe seo a leanas a úsáid do roinnt de na gníomhaíochtaí atá molta:

Coinbhleacht

Tá an focal coinbhleacht bunaithe ar an bhfocal Laidine *conflictus* a chiallaíonn imbhualladh nó caismirt. Is é is brí leis ná easaontas idir dhá pháirtí nó níos mó ina bhfeictear do na páirtithe sin go bhfuil a riachtanais, a leas nó a gcúraimí faoi bhagairt.

Foinse: Sraith straitéisí Chomhairle na hEorpa 'Youth Transforming Conflict', 2012

Síocháin

Síocháin Dhiúltach: níl sa tsíocháin ach malairt na cogadóirí. Is é an aidhm i gcónaí cogadh a sheachaint, rud a dhéantar trí chothromaíocht na cumhachta a chothabháil agus trí iombhagairt, seachas trí chomhoibriú.

Síocháin Dhearfach: síocháin trí mheáin shíochánta, is é sin le rá urramaíonn na modhanna a úsáidtear chun an tsíocháin a bhaint amach prionsabail an cheartais agus chearta an duine.

Foinse: Sraith straitéisí Chomhairle na hEorpa 'Youth Transforming Conflict', 2012

Síocháineachas

Leis an gcur chuige seo, séantar úsáid an fhoréigin mar mhodh chun coinbhleachtaí a réiteach. Clúdaíonn an téarma cineálacha éagsúla seasamh, ó dhiúltú do gach cineál foréigin cibé cúinsí atá ann, fiú féinchosaint, go dtí éilimh institiúidí míleata agus cogaidh a chealú. Measann Síochánaithe gur féidir agus gur cheart díospóidí idirnáisiúnta a réiteach go síochánta.

Foinse: Sraith straitéisí Chomhairle na hEorpa 'Youth Transforming Conflict', 2012

Íospartaigh

Daoine ar tugadh drochíde dóibh agus/nó a ionsaíodh, ó bhéalagus/nó go fisiciúil.

Foinse: Acmhainní don oideachasóir Aghaidh a thabhairt ar an Stair agus Orainn Féin, aonad 'Decision-Making in Times of Injustice'

Seallaigh

Duine nó grúpa daoine a fheiceann iompar do-ghlactha ach nach ndéanann faic chun stop a chur leis.

Foinse: mar atá thuas

Déantóirí

ladsan a dhéanann coireanna agus gníomhartha eile foréigin nó éagóra.

Foinse: mar atá thuas

Tarrthálaithe

Daoine a dhéanann iarracht íospartaigh an fhoréigin a tharrtháil.

Foinse: mar atá thuas